

# SPEISIALTÓIRÍ SINSEARACHA I GCÁILÍOCHTAÍ FÓGRA FOLÚNTAIS

## Gníomhaire sealadach – feidhmghrúpa AD, grád 9

### An bhfuil tú réidh don chéad dúshlán mór eile?

Tá an Roinn Oibríochtaí ag an bhFondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF) ag lorg speisialtóirí sinsearacha i gcáilíochtaí chun tacú le seachadadh a gníomhaíochtaí i dtíortha in aice leis an Aontas Eorpach.

Beidh ról tábhachtach agat maidir le tacú le tionscadail a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú leis na tíortha sin a gcórais oideachais a nuachóiriú, forbairt scileanna a fheabhsú agus deiseanna a chruthú dá muintir mar chuid d'iarreachtaí caidrimh sheachtraigh an Aontais Eorpaigh.

Sa phost sin beidh tú ag obair go dlúth le foireann idirnáisiúnta agus i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara nó mar chuid den phost beidh do chomhoibriú i gceist chun bheith i gceannas ar fhorbairt an tsaineolais i bhforbairt caipitil dhaonna laistigh den eagraíocht a threorú, ag ullmhú do chomhdhálacha ardléibhéil agus ag déanamh cur i láthair ansin agus ag imeachtaí eile chomh maith bheith rannpháirteach i misin allamuigh chuig tíortha comhpháirtíochta éagsúla.

Má tá tú paiseanta faoin oideachas, faoin bhfostaíocht agus faoi cháilíochtaí, ag an bhFondúireacht beidh deis agat do spéis a fhorbairt i dtimpeallacht ghairmiúil dhúshlánach.

### Céard é an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF)?

[Isgníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh é ETF](#) atá lonnaithe in Torino, an Iodáil. Cabhraíonn sé le tíortha atá i mbun trasdula agus le tíortha i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipiteal daonna trí athchóiriú a dhéanamh ar chórais oideachais, oiliúna agus mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs bheartais chaidrimh sheachtracha an Aontais Eorpaigh.

Tacaímid le tíortha atá ar imeall an Aontais Eorpaigh feabhas a chur ar a gcórais ghairmoideachais agus oiliúna, chun anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna, agus chun a margaí saothair a fhorbairt. Tríd sin a dhéanamh, cabhraímid leo comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus fás geilleagrach níos inbhuanaithe a bhaint amach, a théann chun tairbhe na mBallstát agus a gcuid saoránach trí chaidreamh eacnamaíoch a fheabhsú.

### Céard atá á thairiscint againn?

**Bunú liosta ionadaithe:** Gníomhaire sealadach – feidhmghrúpa AD, grád 9

**Fad an chonartha:** 3 bliana, inathnuaite, faoi réir tréimhse promhaidh

**Gnáth-thuarastal le haghaidh:** fostaí aonair, le 12 bliain de thaithí ghairmiúil ábhartha: thart ar EUR 5 590 glan / sa mhí; i gcás fostaí, le 12 bliain de thaithí ghairmiúil ábhartha, liúntas easaoránachta agus 1 leanbh cleithiúnach: thart ar EUR 7 860 glan / sa mhí.

## Próifíl poist: príomhchuntasachtaí agus cúraimí

Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil i dtimpeallacht dhinimiciúil agus ilchultúrtha. Is oibrí foirne neamhchlaonta é/í. Roinneann sé/sí faisnéis, eolas agus taithí le daoine eile. Tá sé/sí réamhghníomhach agus díograiseach. Tá scileanna maithe cumarsáide aige/aici agus is maith leis/léi labhairt ag cruinnithe nó comhdhálacha.

Chomh maith leis an méid thuas, déanfaidh an speisialtóir sinsearach an méid a leanas go háirithe:

- treoir bheartais a sholáthar do thíortha comhpháirtíochta maidir le hathchóiriú a gcóras cáilíochta
- cumas a fhorbairt san eolas, sna scileanna agus sna hinniúlachtaí a theastaíonn chun córais cháilíochta a chur chun feidhme go héifeachtach
- tacú le hInstitiúidí Eorpacha agus le tíortha comhpháirtíochta maidir le hidirphlé beartais ag leibhéal réigiúnacha agus dhéthaobhacha
- tacú leis an gCoimisiún Eorpach i gcéimeanna éagsúla de thimthriall agus de chláir thionscadail an chaidrimh sheachtraigh
- anailís dhomhain a sholáthar ar chórais cháilíochta na dtíortha comhpháirtíochta trí fhaisnéis a bhailiú agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na n-athchóirithe
- comhthreorú a dhéanamh ar fhorbairt saineolais i réimse na gcáilíochtaí, lena n-áirítear uirlisí modheolaíochta a fhorbairt chun tacú le tíortha comhpháirtíochta
- cur leis an dioscúrsa ar fhorbairt dhomhanda na gcóras cáilíochta agus an Fhondúireacht a shuíomh bunaithe ar an taithí a fuarthas ó chleachtas

Taistealaíonn speisialtóirí sinsearacha go minic.

## Critéir incháilitheachta

D'fhonn a bheith incháilithe, ní mór duit na riachtanais a leanas a shásamh tráth an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais:

- 1 A bheith i do náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach nó de chuid thíortha comhpháirtíochta ETF<sup>1</sup>
- 2 Cearta iomlána mar shaoránach a bheith agat
- 3 Aon oibleagáidí dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat;
- 4 Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh

<sup>1</sup> Is iad a leanas tíortha comhpháirtíochta na Fondúireachta: An Albáin, an Ailgéir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Éigipt, an tSeoirsia, Iosrael, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chosaiv, an Chirgeastáin, an Liobáin, an Libia, an Mholdóiv, Montainéagró, Maracó, an Mhacadóin Thuaidh, an Phalaistín, an Rúis, an tSeirbia, an tSiria, an Táidsíceastáin, An Túinéis, an Tuirc, an Tuircméanastáin, an Úcráin agus an Úisbéiceastáin.

- 5 Leibhéal oideachais arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith agat agus taithí ghairmiúil chuí 12 bhliain ar a laghad a bheith gnóthaithe agat ina dhiaidh sin

**nó**

Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith agat agus taithí ghairmiúil chuí 13 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe agat ina dhiaidh sin

- 6 Eolas críochnúil (leibhéal C1 i ngach gné de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha nó CEFRL) i gceann de theangacha an Aontais agus a bhfuil eolas sásúil (leibhéal B2 i ngach gné de réir CEFRL) i dteanga eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

## Critéir roghnúcháin

### Taithí ghairmiúil

Ba chóir go mbeadh taithí ghairmiúil 12 bhliain ar a laghad ag iarratasóirí i bhforbairt caipitil dhaonna.

Mar chuid den taithí ghairmiúil sin, ba cheart go mbeadh trí bliana de phríomhfhreagrachtaí ag iarratasóirí le cúig bliana anuas, chun tacú le hathchóiriú na gcóras cáilíochta, in dhá réimse nó níos mó atá liostaithe thíos:

- úsáid phraiticiúil faisnéise margaidh saothair chun cáilíochtaí nua a aithint, lena n-áirítear caighdeáin cheirde a shainaithint agus a shainiú
- sainmhíniú ar chaighdeáin oideachais, curaclaim agus modúil bunaithe ar thorthaí foghlama
- bunú córas measúnaithe agus meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta gaolmhara
- bailíochtú foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- aitheantas cáilíochtaí, cáilíochtaí idirnáisiúnta san áireamh
- forbairt institiúideach ghníomhaireachtaí cáilíochta, ionaid mheasúnaithe, comhlachtaí dámhachtana, coistí earnála, gníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta agus comhlachtaí modheolaíochta
- taighde comparáideach feidhmeach, amhail comparáid a dhéanamh idir caighdeáin cháilíochtaí, bailíochtú cleachtas foghlama neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil nó tuarascálacha tagartha tíre, meastóireachtaí ar chlár athchóirithe, athruithe reachtaíochta
- feidhmchlár TF ábhartha amhail forbairt agus úsáid bunachar sonraí de chaighdeáin agus cáilíochtaí, cáilíochtaí sínithe go digiteach, idir-inoibritheacht na mbunachar sonraí ábhartha

### Príomhscileanna teicniúla riachtanacha - scileanna an-mhaith sa mhéid a leanas:

- forbairtí beartais i réimse na gcáilíochtaí agus an aitheantais, lena n-áirítear naisc leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí
- bainistíocht tionscadail agus tuiscint ar bheartais, clár agus uirlisí caidrimh sheachtraigh an AE
- Béarla: leibhéal C1 i ngach gné de réir CEFRL

## Príomhscileanna boga riachtanacha - scileanna an-mhaith sa mhéid a leanas:

- anailís a dhéanamh
- eagrú, beartú tosaíochta agus bainistíocht ama
- obair foirne
- cumarsáid, labhairt agus scríobh
- óráidíocht phoiblí
- líonrú agus idirbheartaíocht

## Buanna

- taithí ghairmiúil ábhartha i gceann amháin nó níos mó de thíortha comhpháirtíochta na Fondúireachta
- leibhéal B2 in Araibis nó Fraincis nó Rúisis i ngach gné de réir CEFRL

## Iarratais a chur isteach

Is é an **16 Nollaig 2019 ag 23.59 (Am Turin)** an dáta deiridh **chun iarratais a chur isteach**.

Tugtar cuireadh duit d'iarratais a sheoladh trí shuíomh gréasáin ETF, faoi na hailt “maidir le” agus ansin “earcaíocht”.

Moltar go mór duit gan fanacht go dtí an lá deiridh chun d'iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fabht sa nasc Idirlín a bheith ina gcúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní féidir an locht a chur ar ETF as moill ar bith de bharr na ndeacrachtaí sin.

## Ceanglais fhoirmiúla

Ní mór duit **na doiciméid go léir** a luaitear thíos a chur ar fáil, **faoin dáta deiridh**, i mBéarla más féidir:

- litir chumhdaigh uasmhéid aon leathanaigh, ag míniú cén fáth a bhfuil spéis agat sa phost
- curriculum vitae ag baint úsáide as formáid CV Europass
- foirm na gcritéar roghnúcháin

**Tabhair faoi deara nach nglacfar ach le hiarratais a cuireadh isteach ar líne trí shuíomh gréasáin ETF, i gcomhréir leis na ceanglais fhoirmiúla a luaitear thuas, don chéim roghnúcháin.**

## Roghnúchán

Tá trí chéim as a chéile i gceist sa chéim roghnúcháin:

### Céim 1 – Iarratais a scagadh

#### 1.1 Incháilitheacht

Déanfaidh an tAonad Acmhainní Daonna athbhreithniú ar gach iarratas. Ní rachaidh ach iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta uile go dtí an chéad chéim eile.

## 1.2 Roghnúchán le haghaidh agallamh agus trialacha scríofa

Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil sa curriculum vitae agus san fhoirm critéar roghnúcháin, déanfaidh an bord measúnú ar na hiarratais i gcoinne na taithí gairmiúla, na scileanna teicniúla a theastaíonn agus na sócmhainní. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a chuireann isteach na hiarratais is oiriúnaí chun freastal ar agallamh agus ar thrialacha scríofa. Táthar ag súil go dtabharfar cuireadh do thart ar 8 iarrthóirí.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a bhfuiltear ag súil leo, ní dhéanfar teagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh agus trialach scríofa dóibh.

## Céim 2 – Agallaimh agus trialacha scríofa

Déanfaidh an bord measúnú ar thaithí ghairmiúil agus scileanna na n-iarrthóirí atá riachtanach don phost agus do Ghníomhairí Sealadacha AE trí agallamh agus trialacha scríofa. Reáchtálfar cuid amháin, ar a laghad, de na trialacha sin ar bhonn anaithnideachta. Reáchtálfar na hagallaimh agus na trialacha scríofa i mBéarla go príomha.

Nuair a bheidh an chéim seo críochnaithe, cuirfidh an bord liosta iarrthóirí ar aghaidh a mheasann siad is fearr a bheith ag teacht leis na critéir roghnúcháin - tar éis 70% ar a laghad den scór iomlán a bhaint amach san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Meastar go dtarlóidh an chéim seo i mí Feabhra 2020.

## Céim 3 - Liosta ionadaithe

I bhfianaise an togra a rinne an bord, bunóidh Stiúrthóir ETF painéal leis na hiarrthóirí is oiriúnaí.

Beidh an liosta bailí go dtí 31 Nollaig 2020. Féadfar an tréimhse bhailíochta sin a fhadú le cinneadh ón Stiúrthóir. Ní ráthaíonn cuimsiú ar an liosta tairiscint poist.

Sa chás go dtagann folúntas i bpost den sórt sin aníos nó gur gá é a chlúdach, féadfaidh an Stiúrthóir post a thairiscint d'iarrthóir ar an liosta a n-oireann a p(h)róifíl is fearr do riachtanais ETF um an dtaca sin.

## Obair an bhoird

Tá obair agus plé an bhoird faoi rún daingean agus ní cheadaítear aon teagmháil lena chomhaltaí. Is éard atá i gceist le teagmháil a dhéanamh leo go ndícháileofar tú ón nós imeachta.

## Coinníollacha Conartha

### Conradh fostaíochta

Maireann an conradh fostaíochta ar feadh tréimhse seasta trí bliana. Tá sé inathnuaite.

Tá sé faoi réir tréimhse promhaidh naoi mí.

Tá conarthaí na nGníomhairí sealadacha i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile (CEOS) an Aontais Eorpaigh.

Faoin gcineál conartha sin, tá an fostaí faoi cheangal CEOS agus na Rialacha Cur Chun Feidhme cuí.

Ní bheidh ETF faoi cheangal leis an gconradh fostaíochta arna thairiscint ach amháin sa chás go mbeidh na nithe a leanas déanta ag an iarrthóir rathúil sula síneofar an conradh:

- cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe a bheith curtha ar fáil aige nó aici de gach doiciméad ábhartha lena ndeimhnítear a (h)incháilitheacht, lena n-áirítear taifead ciontuithé glan
- scrúdú dochtúra éigeantach a bheith déanta aige/aici lena ndearbhaítear go gcomhlíonann sé/sí an caighdeán corpacmhainneachta is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh
- ETF a bheith curtha ar an eolas aige/aici faoi aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur measadh nach bhfuil aon leas pearsanta aige ná aici a chuirfeadh as dá neamhspleáchas, ná aon choinbhleacht leasa eile.

## Tuarastal agus sochair

Ag brath ar a staid phearsanta, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntas éagsúil amhail liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, etc. Tá an tuarastal faoi réir cánach Comhphobail a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá comhaltaí foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

## Faisnéis bhreise

Ní thabharfar na doiciméid a chuirtear ar fáil le linn an nós imeachta ar ais d'iarrthóirí. Ina ionad sin, coinneofar ar comhad iad in ETF don tréimhse is gá le haghaidh an phróisis agus scríosfar ina dhiaidh sin iad.

Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí pearsanta agus rúndacht faisnéise maidir leis na sonraí pearsanta ar fad a bhailítear le haghaidh an phróisis seo.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa [Ráiteas príobháideachais](#) ar shuíomh gréasáin ETF.

Iarratasóirí a mheasann go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad gearán a dhéanamh trí na [treoracha](#) (mBéarla) atá ar fáil ar láithreán gréasáin ETF a leanúint.